An Coimisiún Eorpach

BUISÉAD AN AONTAIS EORPAIGH DON TODHCHAÍ

#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope

Meitheamh 2018

AN IONSTRAIM NUA LE hAGHAIDH CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS

Tugtar cúnamh réamhaontachais do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht den Aontas Eorpach chun cuidiú leo athchóirithe ríthábhachtacha polaitiúla, institiúideacha, sóisialta agus eacnamaíocha a dhéanamh le go mbeidh siad i gcomhréir le luachanna an Aontais agus lena gcórais a ailíniú de réir a chéile le rialacha, caighdeáin agus bearta an Aontais Eorpaigh.

PRÍOMH-EILIMINTÍ NA hIONSTRAIME NUA LE hAGHAIDH CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS

CISTIÚ 2021-2027

13 %
de mhéadú ar an gcistiú atá ann faoi láthair

€14.5
billiún

CUSPÓIRÍ

- Luachanna coiteanna
- Athchóirithe chun an tsochaí agus an geil-leagar a nuachóiriú
- Ailíniú le rialacha agus caighdeáin an Aontais

↓

Cobhsaíocht & rathúnas don fhadtéarma agus do gach duine

CAD ATÁ NUA?

- Níos straitéisí
- Fócas ar na «Bunphri-onsabail i dTosach»
- Níos mó infheistíochtaí agus giaráil cistí
- Tionchar breise a bhuí le comhsheasmhacht mhéadaithe

Ag tacú le tíortha is iarrthóirí agus le hiarrthóirí ionchasacha ar bhallraíocht den Aontas Eorpach

Ballstáit an Aontais Eorpaigh

Tairbhithe de ICR

SPLÉACHADH AR AN IONSTRAIM NUA LE HAGHAIDH CÚNAMH RÉAMHAONTACHAIS

NÍOS STRAITÉISÍ

- Fócas athnuaite ar athchóirithe ríthábhachtacha le haghaidh ballraíocht den Aontas
- Níos mó úsáid a bhaint as straitéisí atá faoi stiúir na tíre féin le gur dílse don tír féin iad
- Clársceidealú bunaithe ar phríomhthosaíochtaí, chun dea-fheidhmíocht agus dul chun cinn a chúiteamh

FÓCAS AR NA "BUNPHRIONSABAIL I DTOSACH"

- Díriú i dtosach ar an smacht reachta agus ar urraim do luachanna bunúsacha
- Institiúidí daonlathacha a neartú agus an riarachán poiblí a athchóiriú
- Rialachas eacnamaíoch agus athchóirithe ar mhaithe le hiomaíochas a chur chun cinn

NÍOS MÓ INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS GIARÁIL CISTÍ

- Infheistíochtaí straitéiseacha a dhéanamh i nascacht an bhonneagair, in FBManna, san éi-feachtúlacht fuinnimh, sa nuálaíocht agus sa gheilleagar digiteach
- Infheistíochtaí príobháideacha a charnadh isteach tríd an gCiste Ráthaíochta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha a mbeidh sé d'acmhainn aige infheistíochtaí a ráthú ar fiú suas le €60 billiún iad ar fud an domhain, tairbhithe na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais (ICR) san áireamh

TIONCHAR BREISE A BHUÍ LE COMHSHEASMHACHT MHÉADAITHE

- Comhsheasmhacht agus comhlántacht idir an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais agus an Ionstraim nua maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta. Rachaidh comhpháirteanna téamacha agus mearfhreagartha na hIonstraime nua comhair chun sochair do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha freisin
- Beidh a thuilleadh sineirgíochtaí ann le réimse leathan de chláir a bhaineann le beartas inmheánach an Aontais Eorpaigh chun an tionchar is mó is féidir a fháil ar earnálacha tosaíochta ríthábhachtacha amhail, slándáil, imirce, taighde agus nuálaíocht, comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide, iompar agus nascacht fuinnimh

Print ISBN 978-92-79-88384-2 doi:10.2775/94836 NA-01-18-629-GA-C
PDF ISBN 978-92-79-88422-1 doi:10.2775/157261 NA-01-18-629-GA-N